Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13876/23**

**EF 295**
**ECOFIN 975**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir le ceapachán Chathaoirleach Bhord Maoirseachta BCE a ghlacadh |

1. I gcomhréir le hAirteagal 26(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle, chuir BCE, an 13 Meán Fómhair 2023, togra maidir le ceapachán Chathaoirleach an Bhoird Maoirseachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa lena fhormheas.

2. An 13 Meán Fómhair 2023, fuair Uachtarán na Comhairle (ECOFIN) litir ó Uachtarán BCE ina raibh togra BCE maidir le ceapachán i seasamh an Chathaoirligh (12973/23).

3. D'fhormheas Parlaimint na hEorpa an togra sin an 3 Deireadh Fómhair 2023.

4. Dá bhrí sin, moltar do Choiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gComhairle a ghlacadh mar a leagtar amach in 13554/23 é.